



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2022/0094(COD)

7799/22
ADD 4

ENT 42
MI 245
CODEC 418
IA 38
COMPET 215

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	31 Márta 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2022) 89 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR [...] a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú, lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Rialachán (AE) 305/2011

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 89 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 89 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.3.2022
SWD(2022) 89 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

[...]

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú,
lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Rialachán (AE) 305/2011**

{COM(2022) 144 final} - {SEC(2022) 167 final} - {SWD(2022) 87 final} -
{SWD(2022) 88 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi? 11 líne ar a mhéad

Ón meastóireacht a rinneadh ar an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta agus ón aiseolas a fuarthas ó údaráis an Aontais agus ó pháirtithe leasmhara, is léir go bhfuil easnaimh ann ó thaobh a fheidhmithe de. Níor baineadh a chuspóirí amach agus is ann fós do bhacainní ar shaorghluaiseacht táirgí foirgníochta sa mhargadh aonair.

Tá an tearcfheidhmíocht sin ann mar gheall ar roinnt fadhbanna foriomlána a sainaithníodh le linn na meastóireachta:

- próiseas caighdeánaithe mífheidhmiúil
- bac ar chur chun feidhme ar an láthair i dtíortha an Aontais
- rialacha atá róchasta agus doiléir
- caidreamh éiginnte idir an Rialachán agus reachtaíocht AE eile agus/nó rialacha náisiúnta.

Ar deireadh, ní féidir leis an Rialachán cur le tosaíochta beartais níos leithne, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, toisc nach bhfuil rialacha ann chuige sin.

Is léir go bhfuil poitéinseal ann chun na rialacha sin a dhéanamh níos oiriúnaí do shamhlacha nua gnó agus don gheilleagar sonraí, agus chun táirgí foirgníochta a dhéanamh i bhfad níos inbhuanaithe agus nuálaí.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo? 8 líne ar a mhéad

Is iad seo a leanas na cuspóirí **ginearálta**:

- 1) margadh aonair dea-fheidhmiúil le haghaidh táirgí foirgníochta a bhaint amach
- 2) tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip

Forlíontar na cuspóirí ginearálta sin leis na cuspóirí **sonracha** seo a leanas:

- an bac a bhaint den chóras um chomhchuibhiú teicniúil
- bacainní náisiúnta ar thrádáil a laghdú le haghaidh táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán
- forfheidhmiú agus faireachas margaidh a fheabhsú
- tuilleadh soiléireachta (sainmhínte níos cuimsithí, forluí agus rialacha imbhuailte le reachtaíocht eile a laghdú) agus tuilleadh simplithe a chur ar fáil
- an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú, lena n-áirítear trí shimplíú agus digitiú
- a áirithiú gur sábháilte iad táirgí foirgníochta
- tionchar aeráide agus comhshaoil na dtáirgí foirgníochta a laghdú, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a chur i bhfeidhm (pas táirge digiteach).

Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais? 7 líne ar a mhéad

Le hathbhreithniú ar an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, is féidir feidhmiú foriomlán an mhargaidh aonair le haghaidh táirgí foirgníochta a fheabhsú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna reatha a bhaineann leis an bpróiseas caighdeánaithe agus trí bhacainní ar an margadh aonair a bhaint, amhail rialacha forluiteacha ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Leis sin, is féidir deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus na coinníollacha le haghaidh iomaíochta a dhéanamh níos cothroime san éiceachóras foirgníochta, agus ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta don tsláinte agus don chomhshaoil a áirithiú san am céanna.

Le faireachas margaidh feabhsaithe, is féidir muintín as an gcóras a fheabhsú ar fud an Aontais.

Ar deireadh, is féidir leis an athbhreithniú feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na dtáirgí foirgníochta. Is fearr déileáil leis sin ar leibhéal an Aontais.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth? 14 líne ar a mhéad

- **Rogha A** - cás bunlíne: **gan aon athrú** ar an Rialachán ach a chur chun feidhme a fheabhsú trí threoraíocht agus bearta boga dlí eile.
- **Rogha B** - an Rialachán **a dheisiú**: a raon feidhme a shoiléiriú agus a chuíchóiriú, rud a áiríteoidh comhleanúnachas le reachtaíocht AE eile, agus aghaidh a thabhairt ar ghnéithe comhshaoil de tháirgí foirgníochta.
- **Rogha C** - an Rialachán **a dhíriú**: lena n-áirítear na gnéithe uile a shonraítear i Rogha B mar aon leis na 3 fhorogha seo a leanas, ar féidir iad a chomhcheangal le chéile:
 - forogha C1 – cur i bhfeidhm an Rialacháin a theorannú do mhodhanna measúnaithe
 - forogha C2 – a raon feidhme a theorannú do chroírémisí
 - forogha C – an teanga theicniúil choiteann a dhéanamh roghnach le haghaidh monaróirí.
- **Rogha D** - an Rialachán **a fheabhsú**: Ag cur le Rogha B, is féidir ceanglais a bhaineann le saintréithe an táirge a thabhairt isteach chun sláinte, sábháilteacht agus an comhshaoil a chosaint. Is féidir na ceanglais táirgeshonracha sin a fhoirmiú trí 3 fhorogha (is féidir D1 agus D2 a chomhcheangal le chéile):
 - forogha D1 – cur chuige rialacha nua i leith ceanglais táirgí
 - forogha D2 – cur chuige sonraíochtaí teicniúla i leith ceanglais táirgí
 - forogha D3 – réiteach hibrideach idir D1 agus D2 (lena gcoinnítear na croíghnéithe de gach ceann acu).
- **Rogha E** - an Rialachán **a aisghairm**: Dhéanfaí an Rialachán a aisghairm, agus bheadh táirgí ag brath ar aitheantas frithpháirteach idir na Ballstáit.

Conclúid

Is í Rogha D an rogha thosaíochta toisc gur léirigh an anailís gurb í sin an bealach is fearr chun na cuspóirí a bhaint amach.

Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo? 7 líne ar a mhéad

Tá roinnt páirtithe leasmhara i bhfabhar an Rialachán atá ann faoi láthair a choimeád (bunlíne Rogha A), ach, san am céanna, ba mhian leis na páirtithe leasmhara sin go nglacfaí gníomhaíocht a d'éileodh athbhreithniú. I measc comhlachais ghnó agus cuideachtaí araon, is ar son rogha A atá formhór na tacaíochta.

I measc na n-údarás poiblí, tá díreach faoi bhun leath díobh i bhfabhar na rogha sin. Mar sin féin, léirigh aiseolas ó thíortha an Aontais le linn na gcomhairliúchán go raibh siad ar son athbhreithniú.

Rogha B is ea rogha thosaíochta shaoránaigh an Aontais a thug freagra ar an gcomhairliúchán, ach is fearr le heagraíochtaí neamhrialtasacha Rogha D (thart ar aon trian de na freagróirí i ngach grúpa a bhí i gceist sa dá chás).

Is beag tacaíocht a bhí ann le haghaidh Rogha C.

Dhiúltaigh gach grúpa páirtithe leasmhara go láidir don rogha aisghairme (Rogha E).

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)? 12 líne ar a mhéad

Le Rogha D, bheimis in ann dul i ngleic le príomheasnamh an Rialacháin atá ann faoi láthair: próiseas caighdeánaithe tearcfheidhmiúil, bacainní náisiúnta ar thrádáil, faireachas margaidh neamhéifeachtach agus easpa soiléireachta agus simplithe.

Is éard a bheadh ina thoradh ar Rogha D, margadh aonair le haghaidh táirgí foirgníochta a fheidhmíonn níos fearr agus méadú ar thrádáil trasteorann.

Ina theannta sin, bhainfí an leas is mó ab fhéidir as acmhainneacht an digitithe chun an t-ualach riaracháin a laghdú, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhaineann leis an Rialachán a phróiseáil i bhfoirm dhigiteach.

Bheifí in ann an t-ualach riaracháin ar mhonaróirí a laghdú a thuilleadh trí dheireadh a chur leis an bhforluí idir an mharcáil CE agus an Dearbhú Feidhmíochta. Bheadh rialtais an Aontais in ann micreachuideachtaí nach ndéanann trádáil thar theorainneacha a dhíolmhú ó oibleagáidí an Rialacháin.

Le Rogha D, thabharfaí aghaidh go héifeachtach ar na spriocanna a eascraíonn as an Straitéis maidir le Tionsclaíocht, an Straitéis um Chaighdeánú, an Comhaontú Glas don Eoraip, an Plean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach agus tionscnaimh eile atá nasctha leo, i gcomhthéacs na dtáirgí foirgníochta.

Le Rogha D, bheifí in ann ceanglais chomhshaoil agus sábháilteachta le haghaidh táirgí a bhunú go neamhspleách ar fheidhmíocht a bhaineann le hoibreacha foirgníochta, agus ba cheart go gcuirfeadh an rogha sin le dícharbónú na timpeallachta tógtha.

Bheadh tionchar dearfach ag Rogha D ar shábháilteacht, comhlíontacht agus cáilíocht na timpeallachta tógtha go háirithe.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)? 12 líne ar a mhéad

Meastar go mbeidh méadú €200 milliún in aghaidh na bliana ar chostais le haghaidh monaróirí i gceist le Rogha D - rud is ionann agus thart ar 8 % de na costais bhonnlíne.

Costais chomhlíontachta níos airde, an t-ualach riaracháin agus táill rialaitheach maidir le marcáil CE agus Dearbhú Feidhmíochta is cúis leis an méadú sin, ach cúitítear é go páirteach i ngeall ar lagduithe ar chostais a bhaineann leis na ceanglais náisiúnta a bhaint.

Ar an iomlán, a bhfuil le bearta éagsúla, lena n-áirítear an fhéidearthacht modhanna leictreonacha a úsáid le haghaidh na gceanglas doiciméadachta agus faisnéise ar fad, pointe iontrála aonair chun na doiciméid uile a chlárú agus a chur ar fáil, etc., meastar go mbeidh glanlaghdú ar an ualach riaracháin i ngeall ar Rogha D (féach larscríbhinn 3 den tuarascáil ar an measúnú tionchair le haghaidh tuilleadh sonraí).

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair? 8 líne ar a mhéad

Tá sé d'aidhm ag an athbhreithniú ar an Rialachán an margadh aonair le haghaidh táirgí foirgníochta a fheabhsú. Cruthóidh sé cothrom iomaíochta le haghaidh na dtáirgeoirí ar fad, go háirithe gnólachtaí beaga agus mheánmhéide i dtíortha uile an Aontais.

Beidh ar tháirgeoirí níos mó oibleagáidí a chomhlíonadh a chun a dtáirgí a thabhairt chun an mhargaidh, ach san am céanna, beidh níos mó deiseanna gnó acu. Beidh sé d'aidhm ag ceanglais simplithe go sonrath níos mó imeachta simplithe a chur ar fáil do mhicreachuideachtaí nuair atá feidhmíocht á meas agus á fhíorú.

Thairis sin, tabharfar de chumhacht do rialtais an Aontais micreachuideachtaí áirithe a dhíolmhú ó oibleagáidí an Rialacháin. I ngeall ar an gcomhroinnt oibre phleanáilte atá beartaithe agus an mionchoigeartú teicniúil leis an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, seachnófar ualaí nach bhfuil gá leo le haghaidh gnólachtaí de gach méid.

De thairbhe margadh aonair a fheidhmíonn níos fearr, beidh rochtain ag cuideachtaí foirgníochta ar rogha níos leithe táirgí. Ar an iomlán, rachaidh an t-athbhreithniú chun tairbhe do tháirgeoirí agus don éiceachóras foirgníochta.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta? 4 líne ar a mhéad

Ar thaobh amháin, beidh ar thíortha an Aontais níos mó acmhainní a chur ar fáil le haghaidh faireachas margaidh, rud a bhfuil easpa foirne ann dó faoi láthair.

Ar an taobh eile, tacóidh an t-athbhreithniú go mór le tíortha an Aontais ó thaobh a bhfreagracht as sábháilteacht na n-oibreacha foirgníochta de. Ar an gcaoi sin, ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ar na buiséid náisiúnta ar an iomlán.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? 6 líne ar a mhéad

Níl coinne le tionchar suntasach eile.

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas? 4 líne ar a mhéad

Beidh faireachán agus meastóireacht beartais dírithe ar na fadhbanna lárnacha a dtabharfar aghaidh orthu san athbhreithniú.

Tá sé beartaithe go ndéanfar meastóireacht ar an Rialachán athbhreithnithe tráth nach luaithe ná 8 mbliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm.